# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH

## Ardleibhéal

## Réamhrá Ginearálta

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.

## AONAD A HAON

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA** *Marcanna*

**Ceist 1.**

1 1 a) **Tabhair breac-chuntas ar cheann amháin de smaointe fealsúnacha Phlatón faoi nádúr na réaltachta.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chuardach brí i smaointeoireacht fhealsúnach trí eolas cruinn a leagan amach ar smaoineamh amháin ó fhealsúnacht Phlatón faoi nádúr na réaltachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Chreid Platón go raibh dhá shaol os comhair daoine ag an aon am amháin i.e. saol na gcéadfaí agus saol na smaointe gan athrú. Dar le Platón, bíonn an saol fisiceach agus gach ní a airítear trí na céadfaí ag síorathrú, nach bhfuil siad ach ina ndealramh agus neamhiontaofa. Is i réimse na smaointe atá an réaltacht fhíor etc.

- Chreid Platón gur bhfuil corp an duine faoi réir athraithe agus, dá bhrí sin, níl sé 'réalta'. Bíonn an t-anam seasmhach agus gan athrú agus dá bhrí sin 'réalta', — rud ar a dtugtar tuiscint dhéachúil ar an duine etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

1 **1b)** ***Ón gcianaimsir anall chuir daoine a gcuid creideamh reiligiúnach in iúl ar shlite éagsúla.*** **40** *Grádaithe*

**Déan scrúdú ar conas is féidir fianaise ar chreideamh reiligiúnach a fheiceáil i saothar/i ndéantán ealaíne amháin ón gcianaimsir.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith feasacht gur chuir daoine tóraíocht le haghaidh brí in iúl ó na haimsirí is luaithe trí raon córas brí trí fhéachaint ghéar ar shaothar/dhéantán ealaíne amháin ón gcianaimsir agus conclúidí cruinne a bhaint as an dóigh a léiríonn sé fianaise ar chreideamh reiligiúnach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá an dumha mór i Sí an Bhrú, Co. na Mí clúdaithe le grianchlocha bána agus le heibhear. Tá clocha colbha móra timpeall air, roinnt acu maisithe i ndearaí patrúnaithe athfhillteacha na healaíne meigilití. D'fhéadfadh na snoiteáin triscéile atá ar fáil ar na clocha creideamh i dtimthriall an tsaoil, an bháis agus na hathbhreithe a thabhairt le tuiscint. Tá trí chloch mhóra os comhair na slí isteach; tá bosca dín ag an tslí isteach féin. Um ghrianstad an gheimhridh, téann gathanna na gréine tríd an mbosca dín agus feadh an phasáiste ardaithigh chuig an seomra istigh a d'fhéadfadh a bheith bainteach le creideamh reiligiúnach i gcumhacht na gréine. Tríd an dumha adhlactha a ailíniú leis an ngrian, b'fhéidir go raibh daoine ar lorg an dóchais nach mbeadh an ghrian, agus rithim nádúrtha an tsaoil a bhí ag brath uirthi, cloíte ag dorchadas agus bás. D'fhéadfadh úsáid na Grianchloiche léiriú gur measadh Sí an Bhrú a bheith ina shuíomh naofa etc.

- Fuarthas deilbhíní beaga baineanna ar a dtugtar deilbhíní Véineas ag suíomhanna ársa éagsúla ar fud na hEorpa. D'fhéadfadh na deilbhíní creideamh i dtorthúlacht agus in athbhreith a léiriú etc.

- D'fhéadfadh déantáin Cheilteacha atá maisithe le héin a bheith bainteach leis an gcreideamh go raibh éin ina dteachtairí spioradálta a thug cumarsáid ón saol eile leo etc.

- Is minic a bhíonn colúin Iúpatair a fuarthas sa Fhrainc agus sa Ghearmáin atá ann ón aimsir Ghall-Rómhánach maisithe le fíoracha de dhéithe Rómhánacha agus de dhéithe áitiúla Ceilteacha etc.

- Etc.

*Tabhair ar aird*: Má bhaineann an t-iarrthóir conclúidí cruinne as an dóigh a gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl i rud éigin seachas saothar/déantán ealaíne ón gcianaimsir - Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**Ceist 2.**

**1   2 a) Déan scrúdú ar an tslí a bhféadfadh teoiric nua-aimseartha eolaíochta amháin maidir le conas a cuireadh tús leis an gcruinne, tionchar a imirt ar thuiscint duine ar bhrí na beatha.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar chosmeolaíochtaí na heolaíochta nua-aimseartha trí fhéachaint ghéar ar an dóigh a bhféadfadh cosmeolaíocht nua-aimseartha amháin tionchar a imirt ar thuiscint duine ar bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Teoiric na hOllphléisce — Mhol Georges Lemaitre 'hipitéis an adaimh chianaosta'. Thug sé seo le tuiscint gur fhairsingigh an chruinne ó thús an-bheag, nó núicléas, a phléasc agus a d'fhairsingigh go tapa timpeall ar 15 billiún bliain ó shin. D'fheadfadh an teoiric seo amhras a chaitheamh ar thuiscint na beatha ina meastar gur cruthaitheoir Dia. D'fhéadfadh an teoiric seo daoine a spreagadh cuardach ar bhrí na beatha ós rud é go dtugann sí le tuiscint go bhfaighidh daoine freagraí ar na ceisteanna a chuireann siad faoin mbeatha etc.

- Teoiric 'na Cruinne Fairsingíche' nó 'na Foistine' — Rinne roinnt eolaithe a raibh fadhb acu leis an smaoineamh go raibh tús ag an gcruinne teoiric a mholadh go raibh an chruinne i gcónaí ann agus gur seasmhach atá a fairsingiú. De réir mar a fhairsingíonn an chruinne, cruthaítear ábhar nua le go bhfanfaidh a dlús seasmhach. D'fhéadfadh an teoiric seo tionchar a imirt ar thuiscint duine ar bhrí na beatha mar go dtaitníonn sí leo siúd a áitíonn go raibh an chruinne i gcónaí ann. Taitníonn an teoiric seo leo siúd atá den tuairim gur thaobhaigh Teoiric na hOllphléisce le léirmhíniú reiligiúnach nó diaga ar bhunús na cruinne etc.

- Teoiric an 'Cheaptha Mheabhraigh' — Tháinig an chosmeolaíocht seo as cruthaíochtachas agus féachann sí le heolaíocht a oiriúnú do chreidimh reiligiúnacha réamhbheitheacha. Glacann sí go bhfuil éirim dhiaga taobh thiar de chruthú na cruinne ós rud é go bhfuil patrúin éirimiúla sa dóigh a n-oibríonn an chruinne. D'fhéadfadh cosmeolaíocht mar sin tionchar a imirt ar thuiscint duine ar bhrí na beatha sa mhéid go n-athneartaíonn sí tuiscint liteartha ar Gheineasas agus tuiscint reiligiúnach ar bhrí na beatha. Mar sin féin, d'fhéadfadh aimsiú na bpatrún atá níos randamaí agus nach bhfuil an éirim chéanna ag gabháil leo amhras a chaitheamh ar bhunús na teoirice seo etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**1 2 b) Mínigh conas a bhaineann na smaointe a bhí ag Ainseilm *nó* Aquinas faoi Dhia a bheith ann le hábhar do dhaoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na cruthúnais thraidisiúnta maidir le Dia a bheith ann trí chuntas cruinn a thabhairt ar an dóigh a mbaineann smaointe a bhí ag Ainseilm *nó* Aquinas faoi Dhia a bheith ann le hábhar do dhaoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- D'áitigh Ainseilm ón smaoineamh go bhfuil i nDia 'neach nach féidir neach níos mó a cheapadh' chuig an gconclúid nach mór do Dhia a bheith ann dáiríre ós rud é go bhfuil Dia ann sa mheabhair. D'fhéadaí go mbaineann sé seo le daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann sa mhéid go dtairgeann sé creat loighciúil um smaointeoireacht faoi Dhia etc.

- Dhírigh Aquinas ar an dóigh a dteagmhaíonn daoine leis an domhan mar dhomhan intuigthe, ordúil, álainn agus a bhfuil cuspóir leis. Mar sin féin, ní shealbhaíonn an domhan féin míniú ar a eiseadh ná ar a intuigtheacht ná a áilleacht. D'áitigh Aquinas go dtugann an paradacsa seo le fios gurb é glacadh le Dia bunús agus sprioc an domhain de réir mar a dhéantar é a eispéiriú. D'fhéadfaí go mbaineann sé seo le daoine sa lá atá inniu ann sa mhéid go gcuireann sé i láthair roinnt cruthúnas éagsúil maidir le Dia a bheith ann etc.

- Etc.

*Tabhair ar aird:* Má thugann iarrthóir cuntas ar an dóigh a mbaineann smaointe faoi Dhia a bheith ann le hábhar do dhaoine creidmheacha sa lá atá inniu ann gan tagairt chruinn d'Ainseilm *ná* d'Aquinas — Téigh i gcomhairle do do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**AONAD A DÓ**

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **dhá cheann** DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA** *Marcanna*

**2 B a) Déan measúnú ar cad is féidir a fhoghlaim faoi Íosa Nazórach as scríbhinní beirt díobh seo a leanas: ● JOSEPHUS ● NAOMH PÓL ● TACATAS** **40** (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhoinsí fianaise ar Íosa Nazórach trí pheirspictíochtaí éagsúla a scrúdú agus measúnú cruinn a dhéanamh ar cad is féidir a fhoghlaim faoi Íosa as scríbhinní beirt de na daoine atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Ba staraí Giúdach Josephus a ghlac le réaltacht stairiúil Íosa agus leis an tionchar a bhí ag Íosa ar na daoine a chas air. Mheas Josephus go raibh Íosa mar chuid lárnach de chorraíolacha le linn réimeas Phointias Píoláit. Tugann sé '...saoi, duine a dhéanann oibreacha iontacha, múinteoir..' ar Íosa. Scríobhann Josephus mar Ghiúdach agus mar staraí a raibh ina chuid de lucht coimhdeachta an Impire Rómhánaigh. Scríobh sé faoi Íosa laistigh de 60 bliain tar éis bhás Íosa. Is léir ón bhfoinse seo go raibh Íosa ina fhear fíor a bhí beo le linn aimsir Phointias Píoláit. Tacaíonn cuntas Josephus le cuntais an tsoiscéil sa mhéid go dtugann sé múinteoir agus duine a dhéanann oibreacha iontacha ar Íosa etc.

- Bhí eispéireas reiligiúnach athraithe saoil ag Naomh Pól ar chreid sé gurbh é Íosa an Meisias mar thoradh air. Scríobhann Naomh Pól ó dhearcadh an chreidimh ina chuid litreacha chuig pobail Chríostaí nuabhunaithe ina thug sé treoir maidir le maireachtáil mar dhuine de lucht leanúna Íosa. Thosaigh Naomh Pól ag scríobh faoi Íosa sular scríobhadh na soiscéil. Is féidir a litir chuig na Teasalónaigh a dhátú siar go 49-51 CR. Tharraing Naomh Pól ar an traidisiún béil a tháinig astu siúd a raibh aithne phearsanta acu ar Íosa etc.

- Ba staraí rómhánach Tacatas a rugadh sa bhliain 56 CR tar éis bhás Íosa. Bhí sé in aghaidh Críostaithe. Dúirt Tacatas go bhfuair Críostaithe a n-ainm as Críost a ndearna an prócadóir Pointias Píoláit é a chur chun báis le linn réimeas Thibir. Tugann sé 'an phiseog dhíobhálach' ar an gCríostaíocht. Mar fhoinse fianaise, tá sé údarásach sa mhéid go bhfuil sé in aghaidh Íosa, ach tuairiscíonn sé a bhású. Thug Tacatas bunaitheoir an ghrúpa darb ainm Críostaithe ar Íosa e.g. Scríobh sé 'D'fhulaing Críost, bunaitheoir an ainm, pionós an bháis ... de réir bhreith ... Phointias Píoláit ...'. Ón bhfoinse neamh-reiligiúnach seo, tá fianaise a thacaíonn le cuntais an tsoiscéil gur maraíodh Íosa ar ordú an ghobharnóra Rómhánaigh etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**2 B b)i. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar Íosa is féidir a aimsiú sa lá atá inniu ann i sampla amháin as ceann ar bith díobh seo a leanas:** **20** *Grádaithe*

- **AN EALAÍN**
- **NA SCANNÁIN**
- **AN CEOL**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas chun íomhá Íosa a aithint agus a shainaithint i gcultúr comhaimseartha trí eolas cruinn a leagan amach ar an dóigh a dtuigtear Íosa i sampla amháin atá glactha as an ealaín *nó* as na scannáin *nó* as an gceol sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An ealaín e.g. Bhí an pictiúr 'Jesus of the People' le Janet McKenzie sonrach sa mhéid gur bhean Meiriceánach Afracach í an mainicín a úsáideadh. D'fhéadfaí go gcuireann sé seo in iúl tuiscint ar Íosa mar dhuine a sheasann leo siúd atá imeallaithe; Taispeánann íomhánna d'Íosa de chuid George Rouault tuiscint ar Íosa go bhfuil dáimh aige le daoine imeallaithe agus nach gcloífidh bochtaineacht agus ansmacht na daoine sna tosca sin; pictiúr Leonardo Da Vinci den Suipéar Déanach a tharraingíonn an breathnóir isteach sa chompántas boird, rud a thaispeánann nádúr cuimsitheach 'Ríocht Dé' mar a theagaisc Íosa etc.

- Na Scannáin e.g. Cuirtear i láthair in 'The Gospel According to Matthew' le Pier Paolo Pasolini tuiscint ar Íosa mar dhíbeartach a bhí spreagtha ag fearg faoi éagóir shóisialta etc. Cuirtear i láthair in 'Jesus of Nazareth' le Franco Zeffirelli go bhfuil Íosa stuama, muiníneach agus an-imníoch faoi na boicht agus na daoine faoi mhíbhuntáiste; cuirtear i láthair in 'The Passion of the Christ' le Mel Gibson gur Slánaitheoir fulangach Íosa a d'fhulaing pian agus céasadh mór le haghaidh daoine eile a shlánú etc.

- An Ceol e.g. Cuireann 'Jesus Christ Superstar' béim ar dhaonnacht Íosa agus taispeánann sé na dóigheanna a mbíonn dáimh aige leis na daoine sin timpeall air; luann Van Morrison ina amhrán 'No Religion' teagasc Íosa 'bíodh grá agat do do chomharsa..' agus 'cas an leiceann eile...' . Is cosúil go maíonn an t-amhrán nach féidir le daoine an teagasc sin a leanúint; tarraingíonn 'The Armed Man A Mass for Peace' le Karl Jenkins ar roinnt foinsí. Tagann íomhá as an saothar seo go mbíonn ábharthacht ag Íosa do gach duine i rith an ama. Tarraingíonn Jenkins ar cheol liotúirgeach ón Iarthar agus ón Oirthear agus tarraingíonn sé freisin ar chreidimh dhomhanda eile etc.

*Tabhair ar aird:* Ceadaigh freagraí tuairisciúla i gcás ina dtugann an t-iarrthóir cuntas cruinn ar thuiscint amháin ar Íosa a chuirtear in iúl san ealaín *nó* sna scannáin *nó* sa cheol nua-aimseartha.
gan tagairt do shampla ar leith.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 B b) ii. Déan measúnú ar a mhéid a bhfuil an tuiscint ar Íosa, a bhfuil breac-chuntas air i gcuid *b)i* thuas, ag teacht le cuntais na soiscéalta ar bheatha Íosa.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith cumas chun tábhacht Íosa i measc Críostaithe a thuiscint trí chonclúidí cruinne a bhaint as an bhfianaise sna soiscéil Chríostaí ar thuiscint ar Íosa a scrúdaíodh i gcuid *b)i* den cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Ealaín e.g. léiríonn an pictiúr 'Jesus of the People' le Janet McKenzie tuiscint ar Íosa go bhfuil dáimh aige leo siúd atá imeallaithe. Tá sé seo cosúil leis an tuiscint ar Íosa i Soiscéal Lúcáis a léiríonn go bhfuil Íosa ina dhuine a shíneann a lámh amach chucu siúd faoi chois etc.

- Na Scannáin e.g. Cuirtear i láthair sa scannán 'The Gospel According to Matthew' le Pier Paola Pasolini tuiscint ar Íosa mar réabhlóidí atá ag teagasc Shoiscéal na mbocht do na boicht. Is féidir an tuiscint seo ar Íosa a fheiceáil i saintréithe Ríocht Dé. Sna soiscéil, teagascann Íosa go bhfuil i Ríocht Dé áit chomhionannais in ionad áit do scothaicmí; áit le haghaidh comhroinnte in ionad taisceadh saibhris; áit ina bhfuil síocháin agus easpa cumhachta ina luachanna tábhachtacha etc.

- An Ceol e.g. In 'Jesus Christ Superstar', tuigtear gur duine Íosa a shíneann a lámh amach chuig gach duine agus a thugann a aghaidh orthu siúd a chuireann ina aghaidh le dínit agus le macántacht. Is féidir daonnacht Íosa a fheiceáil sna ceithre Shoiscéal. Tá diagacht Íosa níos so-fhorbartha i Soiscéal Eoin ná atá sí in 'Jesus Christ Super Star' etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C a)** ❖ **AN REILIGIÚN TRAIDISIÚNTA AFRACACH** ❖ **GLUAISEACHT NUA REILIGIÚNACH** ❖ **AN CREIDEAMH BAHÁ'ÍOCH** ❖ **REILIGIÚN NA SÍNE** ❖ **REILIGIÚN NA SAÍCEACH** **40** *Grádaithe*

**Déan scrúdú ar an tionchar a imríonn creideamh reiligiúnach ar nós maireachtála na mball i gceann amháin díobh sin thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thraidisiún reiligiúnach nó ar ghluaiseacht reiligiúnach trí fhéachaint ghéar ar an tionchar a imríonn creideamh reiligiúnach ar nós maireachtála na mball den Reiligiún Traidisiúnta Afracach *nó* de Ghluaiseacht Nua Reiligiúnach *nó* den Chreideamh Bahá'Íoch *nó* de Reiligiún na Síne *nó* de Reiligiún na Saíceach.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Reiligiún Traidisiúnta Reiligiúnach* — is féidir leis an gcreideamh gur cneasaithe, fáithe nó sagairt iad fir leighis nó mná leighis tionchar a imirt ar nós maireachtála na mball. Táthar ag coinne go bpósfaidh baill mar gheall ar an gcreideamh go mbuanaíonn pósadh an bheatha agus beannachtaí etc.

- *Gluaiseacht Nua Reiligiúnach* — is féidir le tiomantas don phobal gach gné den bheatha a chuimsiú agus tionchar a imirt ar nós beatha na gcreidmheach etc.

- Sa *Chreideamh Bahá'Íoch* — tugann creideamh i dtábhacht na hurnaí ar bhaill urnaí gach lá agus spreagann sé daoine bualadh le chéile i mbailte a chéile go minic le haghaidh urnaí etc.

- I *Reiligiún na Síne* — imríonn an creideamh i dtábhacht na sinsear tionchar ar dhaoine dul chuig scrín na clainne nó chuig an teampall pobail le póstaí, breitheanna, turais agus pleananna gnó a fhógairt do na sinsir etc.

- *Reiligiún na Saíceach* — Imríonn an creideamh go bhfuil trí dhualgas le comhlíonadh tionchar ar nós maireachtála na mball de Reiligiún na Saíceach — is iad sin cuimhneamh ar Dhia, obair go hionraic agus carthanacht a chleachtadh. Is féidir an tionchar a imríonn creideamh reiligiúnach a fheiceáil sa dóigh a bhfuiltear ag coinne go ndéanann baill machnaimh gach maidin etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 C b)i. Déan cur síos ar an gcaoi ina gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl i ndeasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil baint aige leis an gCríostaíocht *nó* leis an nGiúdachas.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na príomhghnéithe den Chríostaíocht agus den Ghiúdachas trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi ina gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl i bhfocail shiombalacha nó i ngníomhartha deasghnátha a bhaineann le breith/tionscnamh sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- *An Chríostaíocht* e.g. Baisteadh — Tá an úsáid uisce ina siombail ar bhás agus beatha nua. Dá réir sin, cuireann an deasghnáth an creideamh in iúl go bhfuil beatha nua i gCríost ag Críostaithe. Léiríonn an choinneal go gcreideann Críostaithe gur solas an domhain Íosa. Tá an róba bán ina shiombail ar an gcreideamh Críostaí go bhféadann Dia peacaí a mhaitheamh etc.

- *An Chríostaíocht* e.g. Cóineartú - Déanann úsáid shiombail an choilm chun an Spiorad Naofa a léiriú an creideamh Críostaí sa Tríonóid a chur in iúl.

- *An Giúdachas* e.g. Brit Milah - nuair atá babaí 8 lá d'aois, tá searmanas beannaithe speisialta ann agus ainmnítear an leanbh. Déantar babaithe ar buachaillí iad a thimpeallghearradh mar shiombail ar chreideamh sa Chonradh etc.

- *An Giúdachas* e.g. Bar Mitsveá - sonraíonn sé an pointe ama nuair nach bhfuil buachaill atá 13 bliana d'aois ina leanbh a thuilleadh agus go bhfuil sé ina dhuine fásta. Taispeánann na gnéithe éagsúla den searmanas creideamh i dtábhacht an scrioptúir agus na hurnaí maidir le dlí an Chonartha a chomhlíonadh. Tugtar fallaing urnaí (Tallith) agus boscaí beaga leathair ina bhfuil sleachta scrioptúir (Tefillin) etc. don bhuachaill.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 C b)ii. Déan comparáid idir an deasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil cur síos déanta agat air thuas agus deasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil baint aige le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** ***20*** *Grádaithe*

**◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phríomhghnéithe dhá mhór-reiligiún dhomhanda trí na cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí idir an deasghnáth breithe/tionscnaimh atá leagtha amach i gcuid b)i thuas agus deasghnáth breithe/tionscnaimh sa Bhúdachas nó sa Hiondúchas nó san Ioslamachas a scrúdú go cruinn.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- An Giúdachas agus an Hiondúchas e.g. Bar Mitsveá & Searmanas an tSnátha Bheannaithe - Tá deasghnátha cosúla sa dá shearmanas e.g. Sa Hiondúchas, leagtar snáth beannaithe ó ghualainn go coim ar an mbuachaill beag Hiondúch. Tá sé seo cosúil le caitheamh an Tallith sa searmanas Bar Mitsveá. Sonraíonn an dá shearmanas an ghabháil freagrachtaí nua. A luaithe is atá Seamanas an tSnátha Bheannaithe thart, is féidir le buachaill Hiondúch Puja a dhéanamh. Mar an gcéanna, a luaithe is a bhfuil a Bhar Mitsveá ag buachaill Giúdach, ní mór dó Yom Kippur a chomhlíonadh etc.

- An Chríostaíocht agus an Búdachas e.g. Baisteadh & Searmanas Ainmnithe - Baintear úsáid as coinnle agus uisce mar shiombailí le linn Baisteadh Críostaí. Úsáidtear na siombailí céanna sa Searmanas Ainmnithe sa Bhúdachas. Tá brí éagsúil ag na siombailí seo sna searmanais éagsúla, áfach i.e. is siombail í gníomh deasghnátha Bhúdaíoch an chéir leáite á scaoileadh isteach i mbabhla uisce den aontas idir tine, aer agus uisce agus den dóchas go mbeidh síth den chineál céanna i saol an pháiste. Sa Chríostaíocht, tá an choinneal agus an t-uisce mar shiombail ar bheatha nua toisc go bhfuil an duine baiste 'ag maireachtáil i gCríost' anois.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D a) Rianaigh an chaoi a bhfuil an cliseadh morálta le feiceáil i sampla amháin den éagóir struchtúrach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála:*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcaoi a bhfuil impleachtaí struchtúracha ag cliseadh morálta trí shampla amháin a leagan amach go cruinn den chaoi a bhfuil olc le feiceáil i gcás éagóra laistigh de na struchtúir oifigiúla eagraithe de shochaí.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- D'fhéadfaí an cliseadh morálta de shochaí nach bhfuil ag gníomhú ar dhóigh ina gcaitear le gach duine go cothrom mar gheall ar chlaontacht nó idirdhealú a fheiceáil sna struchtúir éagothroma den chóras apartheid san Afraic Theas mar nár tugadh cearta daonna do chách etc.

- Féadann dúshaothrú daoine a bheith ina thoradh ar an gcliseadh morálta as a dtagann saint duine agus d'fhéadfaí go bhfuil baint ag struchtúir oifigiúla leis e.g. fíorú sclábhaíochta, fostú páistí etc.

- Etc.

*Tabhair ar aird:* Leagann an t-iarrthóir amach sampla amháin ar an gcaoi a bhfuil olc le feiceáil i rud eile seachas éagóir laistigh de na struchtúir oifigiúla eagraithe de shochaí - Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 D b)i.** ***Is feiniméan nádúrtha daonna í an mhoráltacht.*** **20** *Grádaithe*

**Déan scrúdú ar chaoi amháin inar féidir fianaise leis an ráiteas sin a fheiceáil i sibhialtacht na Sean-Ghréige.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar mhoráltacht mar fheiniméan daonna trí fhéachaint ghéar ar chaoi amháin ina bhfuil sé soiléir i sibhialtacht na Sean-Ghréige gur cuid nádúrtha de bheith daonna í cinntí a dhéanamh ar cad tá ceart agus cad tá mícheart.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Soláthraíonn scríbhinní fhealsúna na Sean-Ghréige fianaise gur cuid den staid dhaonna í cinntí a dhéanamh ar cad tá ceart agus cad tá mícheart e.g. bhí eitic ina cúram do Phlatón agus d'Arastatail etc. Bhí eitic mar phríomhchúram do shoinicithe etc.

- Is féidir fianaise a fháil gur cuid nádúrtha dhaonna í an mhoráltacht i miotais na Gréige e.g. léiríonn Teampall na nDéithe sainluachanna morálta a bhí tábhachtach i.e. dílseacht, crógacht, onóir etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**2 D b)ii. Déan comparáid idir na luachanna pobail atá le fáil in dhá chairt a bhfuil staidéar déanta agat orthu.** **20** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thábhacht na luachanna pobail trí na cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí a scrúdú idir cad a mheastar a bheith maith, tábhachtach nó fiúntach in dhá dhoiciméad a leagann amach pribhléidí, cearta agus dualgais na mball laistigh de phobal.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*
e.g. Na Deich nAitheanta agus Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe

- Sainaithníonn an dá chairt rudaí cosúla a bheith maith, tábhachtach agus fiúntach - clann, sábháilteacht, úinéireacht etc. Tá siad difriúil, áfach, sa mhéid go gcuireann dearbhú na Náisiún Aontaithe in iúl go bhfuil na luachanna seo ina gcearta atá ag gach duine. Tá na Deich nAitheanta níos cosúla le cairt freagrachtaí a bhfuil feidhm aici le pobal Dé etc. Is mór ag an dá téacs an ceart chun na beatha ach cuireann siad in iúl go éagsúil é. Sainaithníonn dearbhú na Náisiún Aontaithe cearta e.g. sonraítear go bhfuil an ceart chun na beatha, na saoirse agus slándála duine ag gach duine. Díríonn na Deich nAitheanta ar dhualgais an duine do Dhia agus do dhaoine eile e.g. 'Ná déan marú' etc.
- Tá na doiciméid difriúil maidir le creideamh reiligiúnach. Tá na chéad trí cinn de na Deich nAitheanta reiligiúnach ina nádúr mar gur aitheanta de phobal creidimh iad. Mar sin féin, aithníonn Dearbhú na Náisiún Aontaithe an tsaoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin. Cosúil leis na Deich nAitheanta, is mór ag Dearbhú na Náisiún Aontaithe saoirse ach, neamhchosúil leis na Deich nAitheanta, aithníonn sé éagsúlacht maidir le hábhair chreidimh etc.
- Etc.

e.g. An Dearbhú i dTreo Eitic Dhomhanda agus an Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh srl.

- Sainaithníonn an Dearbhú i dTreo Eitic Dhomhanda luachanna a chreideann Parlaimint na Reiligiún Domhanda go bhféadann gach duine a chomhroinnt - saoirse, ceartas, maoirseacht. Sainaithníonn an Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh a tháinig chun cinn le linn Réabhlóid na Fraince gur bunluachanna príomha iad saoirse agus ceartas etc. Tá an dá théacs cosúil le chéile sa mhéid go mbunaíonn siad go bhfuil freagrachtaí agus dualgais dá chéile ar dhaoine i.e. aithníonn an Dearbhú i dTreo Eitic Dhomhanda an dualgas chun gníomhú go ceart agus go daonnachtúil. Aithníonn an Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh an dualgas atá ar dhuine páirt a ghlacadh sa phobal etc.
- Tá an dá dhoiciméad difriúil sa mhéid gur doiciméad deonach agus mianaidhme é 'Dearbhú i dTreo Eitic Dhomhanda'. Molann sé luachanna pobail a bhfuil súil aige go measann daoine iad a bheith maith, tábhachtach agus fiúntach. Bhí feidhm dhlíthiúil ag an 'Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh', lenar bunaíodh cad a mheas Poblacht na Fraince a bheith maith, tábhachtach agus fiúntach etc.
- Etc.

*Tabhair ar aird*: Scrúdaíonn an t-iarrthóir cad a mheastar a bheith fiúntach laistigh de phobail gan tagairt do chairteacha - Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M |

**NÍ MÓR DON IARRTHÓIR CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE RANNÁN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.**

## ROINN E REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE *Marcanna*

**3 E** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** **80** *Grádaithe*

**Pléigh conas a chuir diagacht fheimineach *nó* spioradáltacht fheimineach le rannpháirtíocht ban i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar dhiagachtaí feimineacha *nó* ar spioradáltachtaí feimineacha trí pheirspictíochtaí a phlé agus conclúidí cruinne a bhaint as an dóigh ar chuir diagacht fheimineach *nó* spioradáltacht fheimineach le rannpháirtíocht ban i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, An tIoslamachas, An Giúdachas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Rinne diagacht fheimineach maidir leis an gclaontacht fear i ndiagacht a aithint agus dul i ngleic léi an rannpháirtíocht ban a fhorbairt sa Chríostaíocht trí na róil a bhí ag mná sa Luath-Eaglais Chríostaí a scrúdú. Bhí an rannpháirtíocht mhéadaithe ban sa Chríostaíocht mar thoradh air seo tríd an tsagartacht a oscailt do mhná sa Chomaoin Anglacánach etc. Mar gheall ar shaothar na ndiagairí feimineacha ar nós Elizabeth Johnson, mhéadaigh rannpháirtíocht ban sa Chríostaíocht de bharr athmheasúnaithe ar róil na mban i Scrioptúir etc.

- Is féidir fócas ar dhiagacht fheimineach ar smaointe faoin domhan agus faoinár gcaidreamh leis an gcomhshaol a fheiceáil sa dóigh inar éirigh mná san Ioslamachas gníomhaíoch i saincheisteanna comhshaoil etc.

- Is féidir béim ar spioradáltacht fheimineach ar dheasghnáth atá rannpháirtíoch, aestéitidil agus pobalaíoch a fheiceáil i ról na mban i gceiliúrtha na Sabóide sa Ghiúdachas etc.

- Chuir na naisc le spioradáltacht fheimineach idir fás spioradálta pearsanta agus ceartas sóisialta/eaglaiseach le rannpháirtíocht ban agus tá cásanna ann inar éirigh mná rialta Búdaíocha gníomhach i saincheisteanna sóisialta.

- Etc.

*Tabhair ar aird:* Ceadaigh freagraí tuairisciúla i gcás ina ndéanann an t-iarrthóir peirspictíochtaí a phlé agus conclúidí cruinne a bhaint as an dóigh ar chuir duine atá bainteach le diagacht fheimineach *nó* spioradáltacht fheimineach le rannpháirtíocht ban i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas: An Búdachas, An Chríostaíocht, An Hiondúchas, An tIoslamachas, An Giúdachas.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 80 > 68 | 67 > 56 | 55 > 44 | 43 > 32 | 31 > 20 | 19 > 8 | 7 > 0 | 80M |

**3 F a)** ◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS** ◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS** **40**

**Scrúdaigh an tionchar a imríonn an tuiscint ar an tsíocháin i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas ar úsáid an neamhfhoréigin ag a chuid ball.** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar pheirspictíochtaí reiligiúnacha ar an tsíocháin trí fhéachaint ghéar ar an gcaoi a n-imríonn an tuiscint ar an tsíocháin i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist tionchar ar úsáid an neamhfhoréigin ag a chuid ball.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- *An Búdachas* — Teagascann na Cúig Fhoraithne go bhfuil gach beatha lómhar agus nasctha. Tá foréigean le seachaint agus, mar sin de, tá neamhfhoréigean ina shaintréith de nós maireachtála Búdaíoch etc.

- *An Chríostaíocht* — Tá síocháin ar cheann de na tréithe de 'Ríocht Dé' mar a theagaisc Íosa. Sonraíonn an Seanmóir ar an Sliabh go sainiúil gur cheart do dheisceabail Íosa an leiceann eile a chasadh; d'oibrigh an tUrramach Martin Luther King chun idirdhealú ciníoch a shárú trí agóidí síochánta a chur ar siúl. Thosaigh a lán daoine ag glacadh páirte in agóidí síochánta, a raibh imeascadh ciníoch mar thoradh air etc.

- *An Hiondúchas* — Ciallaíonn dlí Karma go bhfuil meas ag Hiondúigh ar an mbeatha agus riachtanas morálta meas a thabhairt uirthi. Tá neamhfhoréigean ina shaintréith de nós maireachtála Hiondúch; ghlac Mahatma Ghandi físeanna reiligiúnacha na síochána sa Hiondúchas agus sa Bhúdachas, ghlac sé le prionsabal reiligiúnach Ahimsa (gan aon dochar a dhéanamh) agus d'iompaigh ina uirlis neamhfhoréigneach é don ollghníomh. D'úsáid sé é le hoibriú ní amháin in aghaidh leithcheala agus an aosa seachanta etc.

- *An tIoslamachas* — Ciallaíonn Colún Zakat agus coincheap Khalifah go bhfuil dualgas san Ioslamachas síocháin Allah a chaomhnú etc.

- *An Giúdachas* — Sa Ghiúdachas, tagann síocháin as comhlíonadh an Chonartha, a thairgeann teimpléad le haghaidh nós maireachtála atá neamhfhoréigneach e.g. 'Ná déan marú' etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 F b) Pléigh an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhfhoréigean mar nós maireachtála *nó* an neamhfhoréigean mar agóid i réiteach ócáid choinbhleachta amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phróiseas an réitigh choinbhleachta trí bhreathnú ar pheirspictíochtaí agus conclúidí cruinne a bhaint as an ról a imríonn an neamhfhoréigean mar nós maireachtála *nó* an neamhfhoréigean mar agóid i réiteach ócáid choinbhleachta amháin.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Tagraíonn réiteach coinbhleachta don phróiseas chun réiteach buan a fháil ar agóid trí aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar riachtanais an dá thaoibh chun a sástachta araon. Tógann sé am agus fuinneamh agus bíonn siad seo a leanas i gceist: ómós don duine; idirphlé, dearbhú dearcadh a chéile; díriú ar an bhfadhb agus cuardach comhaontaithe a rachaidh chun leasa an dá pháirtí etc.

- Ciallaíonn neamhfhoréigean mar shlí agóide agóid a dhéanamh in aghaidh staid atá míchóir ach caithfear an rud a dhéanfar a dhéanamh go síochánta. Tá gníomhartha síochánta an lucht agóide ceaptha cirte a gcúise a léiriú e.g. slógadh ag déanamh agóide go síochánta nó ag eagrú achainí in aghaidh cogaidh etc.

- Tá neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála ina mhodh maireachtála a thugann le fios comhtháthú domhain an 'neamhfhoréigin' i bhfealsúnacht bheatha an duine. An neamhfhoréigean mar stíl mhaireachtála e.g. Is féidir le stíl mhaireachtála neamhfhoréigneach an Dalai Lama cuidiú chun an tsíocháin a chur i gcrích toisc go bhfuil meas ag daoine ar a mhacántacht etc.; An tSeict Amanach; Iarrachtaí Gordon Wilson chun síocháin agus athmhuintearas a thabhairt go Tuaisceart Éireann etc.

- Féadfaidh neamhfhoréigean mar shlí mhaireachtála agus neamhfhoréigean mar shlí agóide dul thar a chéile e.g. Oscar Romero a bhí ina easpag ar El Salvador. Tháinig a stíl mhaireachtála síochánta chun a bheith ina agóid in aghaidh an fhoréigin agus an éagóra a chonaic sé agus é ag iarraidh cabhrú le muintir El Salvador a bhí faoi leatrom etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 G a)** ● **MACHNAMH** ● **SACRAIMINT** ● **EISPÉIREAS AN UAMHAIN** **40**

**Pléigh an ról a d'fhéadfadh dhá cheann díobh sin thuas a imirt i saol urnaí daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.** (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar raon traidisiún agus comhthéacsanna urnaí trí fhéachaint ar pheirspictíochtaí éagsúla agus conclúidí cruinne a bhaint as an ról a imríonn dhá cheann díobh seo a leanas: machnamh, sacraimint, eispéireas an uamhain i saol urnaí daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Tagraíonn *machnamh* do dhuine ag smaoineamh ar dhóigh dhomhain agus, mar thoradh air sin, ag ardú a fheasachta/feasachta ar réaltachtaí an tsaoil. Tá tábhacht ag machnamh i saol urnaí duine mar gur féidir le smaointeoireacht dhomhain ar chaidreamh duine le Dia teacht as; is féidir le móimintí amhrais mar aon le móimintí léargais teacht as etc.

- Tagraíonn *eispéireas an uamhain* don eispéireas a bhaineann le teagmháil le réaltacht níos doimhne nó le mistéir Dé etc. Féadann sé duine a spreagadh adhradh. D'fhéadfadh daoine dul i muinín dheasghnátha agus shiombailí a gcreidimh leis an eispéireas seo a thuiscint nó a chur in iúl etc.

- Tagraíonn *sacraimint* don chreideamh go déanann nithe fisiceacha réaltachtaí infheicthe de réaltachtaí dofheicthe; do na gníomhartha agus na comharthaí deasghnátha, do chomharthaí/do shiombailí a bhunaigh Críost le réaltacht níos doimhne ar a dtugtar grásta a nochtadh. Tá tábhacht ag sacraimint i saol urnaí duine mar go n-aithníonn sí láithreacht Dé sa saol agus tugann ceiliúradh sacraimintiúil an deis do dhuine grásta Dé a eispéiriú ar dhóigh ar leith etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**3 G b) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuirtear an ghné spioradálta den bheatha in iúl i dtraidisiún mistiúil amháin a bhfuil staidéar déanta agat air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála –*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na saintréithe de thraidisiún mistiúil trí eolas cruinn a leagan amach ar an bpróiseas trína bhfuil an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil i dtraidisiún mistiúil.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Tá an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil san aistear inmheánach a dtugann mistigh faoi lena mbaineann urnaí, machnamh agus troscadh de réir mar a théann siad ar lorg teagmháil phearsanta láithreach leis an Absalóid etc.

- Tá an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil sa traidisiún de scríbhinní na misteach a léamh e.g. Naomh Thérése de Avila; Eoin na Croise etc.

- Tá an ghné spioradálta den bheatha le feiceáil sna ceithre shaintréith seo atá bainteach leis an misteachas i.e.
  - Do-inste i.e. tá sé eispéireasach — ní féidir é a thuiscint ach trí eispéireas amháin etc.
  - Intleachtúil i.e. faigheann duine eolas ar dhóigh a sáraíonn an intleacht. Déarfadh misteach go dtagann an t-eolas sin ó Dhia etc.
  - Neambhuan i.e. níl sé buan. Tá eispéireas mistiúil ina eispéireas nach maireann ach a fhéadann tarlú athuair. D'fhéadfaí go gcreideann misteach go bhfuil sé neambhuan mar gurb é Dia a thugann an t-eispéireas mistiúil mar thabhartas etc.
  - Éighníomhach i.e. ní fhéadann duine eispéireas mistiúil a chruthú. Tuigtear gurb é Dia foinse agus bunús na n-eispéireas misteach etc.

- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 H a)**

| • NA HOIBRITHE SAN FHÍONGHORT (Matha 20:1-16) | • AN RÓGAIRE MAOIR (Lúcás 16:1-13) | 40 (20Mx2) *Grádaithe* |
|---|---|---|

**Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gach ceann de na parabail thuas ar an chéad lucht éisteachta.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phríomhthéacsanna trí fhéachaint ghéar ar an tionchar a bhí ag an bparabal ar na hOibrithe san Fhíonghort agus ag an bparabal den Rógaire Maoir ar an gcéad lucht éisteachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Na hOibrithe san Fhíonghort (Matha 20:1-16)
  - D'fhéadfaí go raibh tionchar láidir aige ar an gcéad lucht éisteachta ós rud é nach bhfaigheann gach oibrí ach an t-íosphá (i.e. deisceabail Íosa/lucht éisteachta níos ginearálta (Matha 20:1). Smaoineodh an lucht éisteachta ar atrua agus ar chomhbhá do na boicht mar thoradh air etc.
  - D'fhéadfaí gur measadh go gcosnaíonn an parabal saoirse Dé chun slánú a leathnú do dhuine ar bith atá roghnaithe ag Dia - tugann Dia an grá agus an luach céanna do gach duine etc.
  - D'fhéadfaí gur tuigeadh an parabal mar dhúshlán do na Fairisínigh a ndearcadh maidir le peacaigh a athrú etc.
  - Etc.

- An Rógaire Maoir (Lúcás 16:1-13)
  - Is faoi bhochtaineacht agus faoi shaibhreas atá an parabal seo. Insítear do na deisceabail é (Lúcás 16:1) faoi éisteacht na bhFairisíneach (Lúcás 15:2; 16:14) ach is dócha gur insíodh ar dtús é do lucht éisteachta ginearálta etc.
  - Bhí sé in éadan an dlí Ghiúdaigh le linn na haimsire sin ús airgid a éileamh ar airgead a tugadh ar iasacht. Dóigh amháin lena sheachaint ba ea ús le hábhar a iarraidh e.g. ola, arbhar nó earraí eile. Mholfadh an chéad lucht éisteachta an maor mar gheall ar a bhua agus ar a chineáltas trína sciar de na brabúis a ligean uaidh agus mar go ndearna a ghníomh leas dá fhostóir, dá chliaint agus dó féin etc.
  - Moltar do dheisceabail úsáid stuama a bhaint as iarmhais ábharach. Cheapfadh an chéad lucht éisteachta go rabhadar á spreagadh ag an bparabal a bheith freagrach agus dílis etc.
  - Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Ar fheabhas* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

**3 H b) Pléigh na himpleachtaí do Chríostaithe an lae inniu atá ag gach ceann de na parabail atá liostaithe i gcuid *a)* thuas.** **40** (20Mx2) *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas mionsonraithe ar phríomhthéacsanna trí pheirspictíochtaí éagsúla a phlé agus conclúidí cruinne a bhaint astu maidir leis na himpleachtaí do Chríostaithe an lae inniu atá ag an bparabal de na hOibrithe san Fhíonghort agus ag an bparabal den Rógaire Maoir.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Na hOibrithe san Fhíonghort (Matha 20:1-16)
  - D'fhéadfaí gur measadh go raibh cineáltas gan teorainn an tsealbhóra tí á theagasc aige agus, dá bhrí sin, go raibh cineáltas ghrá Dé á léiriú aige etc.
  - Léiríonn sé go bhfuil i 'Ríocht Dé' áit chomhionannais in ionad áit do scothaicmí. Cuireann sé béim ar chomhroinnt agus ar ghrá in áit taiscthe agus gradam etc.
  - Etc.

- An Rógaire Maoir (Lúcás 16:1-13)
  - D'fhéadfadh an parabal seo iontas a chur ar lucht léitheoireachta nua-aimseartha. Thabharfadh sé seo spreagadh dóibh smaoineamh ar bhuanseasmhacht agus ar sheiftiúlacht sa chreideamh Críostaí a mhaireachtáil sa lá atá inniu ann etc.
  - Taispeánann sé do Chríostaithe sa lá atá inniu ann nach mór do gach duine freagracht a ghlacadh as a gcreideamh féin etc.
  - Etc.

*Tabhair ar aird:* Baineann an t-iarrthóir conclúidí maidir leis na himpleachtaí do Chríostaithe an lae inniu atá ag an bparabal de na hOibrithe san Fhíonghort *nó* ag an bparabal den Rógaire Maoir amháin — Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

***Marcanna Breise as ucht Freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| Sármhaith | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann sé lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| An-mhaith | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| Go maith | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| Réasúnta | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| Lag | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |
| An-lag | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| Gan aon Ghrád | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist. |

*Scéim Mharcála 2012*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012*

***Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal***

**OBAIR CHÚRSA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH**

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.

- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.

- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal nó a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

***Teidil Dualgais don Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach***
***do Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012*** – S88/10

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn I agus i Roinn J thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar **aon** teideal amháin, glactha ó Roinn I **nó** ó Roinn J.

## *ROINN I: REILIGIÚN: EISPÉIREAS NA HÉIREANN*

**I. 1.** ***Bhí baint mhór ag bunú na gcéad mhainistreacha in Éirinn le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.***

**Déan taighde ar mhainistir amháin díobh sin agus scrúdaigh an méid a chuir sí le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar fhorbairt an reiligiúin in Éirinn trí eolas a aithint ar mhainistir amháin in Éirinn mar ionad foghlama, leighis, adhartha etc. agus conclúidí cruinne a bhaint as an méid a chuir sí le forbairt na Críostaíochta in Éirinn.

**I. 2.** **Cás-staidéar ar an gcaoi a bhfuil deasghnáth réamh-Chríostaí amháin curtha in oiriúint dóibh féin ag baill den traidisiún Críostaí in Éirinn an lae inniu.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar an gcaoi ar ionchultúraíodh an teachtaireacht Chríostaí i gcomhthéacs na hÉireann trí scrúdú a dhéanamh ar dheasghnáth réamh-Chríostaí amháin agus conclúidí cruinne a bhaint as an gcaoi a bhfuil sé curtha in oiriúint ag baill den traidisiún Críostaí in Éirinn an lae inniu.

## *ROINN J: AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT*

**J. 1.** **Scrúdú ar impleachtaí theoiric Darwin faoin éabhlóid don tuiscint ar an gcruthú atá ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo:**

**♦ An Búdachas ♦ An Chríostaíocht ♦ An Hiondúchas ♦ An tIoslamachas ♦ An Giúdachas**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar eochairmhóimint sa chaidrimh idir an eolaíocht agus an diagacht trí fhéachaint ghéar ar na drochthorthaí a bhí ag teoiric Darwin faoin éabhlóid ar an tuiscint ar an gcruthú ag ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa teideal.

**J. 2.** ***Bíonn ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil ag an reiligiún agus ag an eolaíocht araon.***

**Iniúchadh ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir an chaoi a ndéileálann an reiligiún le ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil agus an chaoi a ndéileálann an eolaíocht leo.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar na ceisteanna atá coiteann agus sainiúil leis na fiontair dhiaga agus eolaíocha trí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann an reiligiún agus an eolaíocht ceisteanna faoi dheireadh an tsaoil agus conclúidí cruinne a bhaint as na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí a ndéileálann an dá cheann acu leis na ceisteanna sin.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| *Marcanna* | ***Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*** |
|---|---|
| 0 - 15 | Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012<br>• Ní thugann sé ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích. |
| 16 - 21 | Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is saothar imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích. |
| 22 - 27 | Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe i.e.<br>• Is saothar breá é<br>• Léiríonn sé leorghabháil phearsanta do theideal dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé fianaise réasúnta gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2012 á iniúchadh<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear. |
| 28 - 33 | Má tá an freagra an-mhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.<br>• Is saothar fiúntach é<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh<br>• Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa |

ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích
- Tugann sé achoimre mhionsonraithe ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

34 - 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 á cur i gcrích
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2012, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear Léiríonn an achoimre ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas -
    - → an cumas eolas a roghnú, agus anailís agus measúnacht a dhéanamh air
    - → an cumas eolas a shórtáil agus eagar a chur air
    - → an cumas tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.

**CUID B – MACHNAMH PEARSANTA AR AN BHFOGHLAIM, AR NA SCILEANNA AGUS AR NA HEISPÉIRIS A BAINEADH AMACH TRÍ OBAIR CHÚRSA A DHÉANAMH**

*Marcanna* *Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B*

0 - 15 Má tá an freagra <u>lag</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2012. Ní thugann sé cur síos nó is beag an cur síos a thugann sé ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Is beag an tsainaithint a thugann sé ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
    - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
    - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
    - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

16 - 21 Má tá an freagra <u>réasúnta</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar imleor é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta áirithe do theideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Is beag an fhianaise shoiléir a léiríonn sé ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht

peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh

- Tugann sé fianaise éigin air seo a leanas –
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2012 a roghnaíodh
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

22 - 27 Má tá an freagra <u>go maith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar breá é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2012 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2012 ann; Tugann sé cur síos ginearálta ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise réasúnta ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Léiríonn sé fianaise réasúnta orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2012 a roghnaíodh
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

28 - 33 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2012. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh; Tugtar míniú ginearálta le fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht sa teideal dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Tugann sé sainaithint shoiléir ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2012 á déanamh
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Léiríonn sé scileanna breithiúnais agus measúnaithe.

34 – 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre
- Tugann sé cur síos substaintiúil ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2012 a dhéanamh; Tugtar míniú mionsonraithe le fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht i dteideal dualgais roghnaithe

2012; Tugann sé cur síos mionsonraithe ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012 le fianaise ar an gcumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine

- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2012
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar dhoimhneacht tuisceana ar an teideal dualgais roghnaithe 2012 agus go ndeachthas ina bhun ó thaobh roinnt peirspictíochtaí de a léiríonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas -
  - → an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas
  - → an cumas frith-argóintí a fhorbairt
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar cheisteanna a shainaithint a d'eascair tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2012, lena n-áirítear an cumas údarás foinsí áirithe eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - → Machnamh pearsanta, criticiúil ar an bhfoghlaim a baineadh as an obair chúrsa
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2012
  - → Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.